

# An Spailpín Fánach *le file anaithnid.*

## **Téama:**

Baineann an dán seo le saol na spailpíní ag deireadh an ochtú haois déag. Bhíodh saol cruu acu ag iarraidh obair shéasúrach a fháil ó na feirmeoirí móra. Bhí ar an spailpín seo dul go dtí margadh na saoire ar fud na Mumhan chun obair a lorg. Ní bhfuair na sclábhaithe feirme seo a lán airgid, agus ba bheag dínit a bhí acu. Tá codarsnacht le feiceáil idir shaol dian an spailpín agus saol na "bodairí" sa dán. Tá trua as cuimse ag an léitheoir don spailpín bocht.

Is téama eile é an tírghrá sa dán seo. Tá Éirí Amach 1798 ar siúl sa dán agus tá an spailpín ar tí earcú sna hÉireannaigh Aontaithe chun saoirse a bhaint amach. Feicimid cruatan an tsaoil, tarcaisne dona feirmeoirí, agus leadrán na hoibre. B'fhearr leis an spailpín troid le píce ná fanacht cois balla ag fanacht ar na feirmeoirí saibhre.

## **Mothúcháin:**

Is iad brón, uaigneas agus trua na mothúcháin a mhúsclaíonn an dán seo ionam. Cuireann sé brón orm an spailpín a shamhlú ina sheasamh ar thaobh na sráide ag fanacht ar na feirmeoirí móra. Tá trua as cuimse agam dó. Tá sé ag iarraidh oibre atá cruu, leadránach. Bhí air éirí go luath agus bhí a shláinte i mbaol ón obair feirme. Saol brónach gan dínit a bhí ann.

Shocraigh sé dul leis na Gaeil a bhí ag troid in aghaidh Shasana. Ní bheidh na fir saibhre ag teacht ar mhuintir capaill anois chun sclábhaí a phiocadh amach. Beidh sé ag troid ar son na saoirse as seo amach.

## **Barúl:**

Is aoibhinn liom an dán seo, mar baineann sé le gnáthdhuine. Pléann sé tréimhse stairiúil, ach tugann sé léargas cuimsitheach dúinn ar shaol na spailpíní. Feicimid íomhá soiléir den fhear seo ina sheasamh cois balla agus súiste ina lámh aige. Cumadh mar amhrán é an dán seo agus, mar sin, tá an friotal breá ceolmhar. Tá meadaracht aiceanta sa dán, agus cruthaíonn an file atmaisféar atá oiriúnach don saol dian atá ag an spailpín.

Tugann an file pictiúr cruinn dúinn de dhuine atá beo bocht agus faoi bhrón. Is dán dea-scríofa é, le stíl shimplí a thaitníonn leis an léitheoir. Pléann sé ábhar brónach, ach baineann sé le gnáthdhuine agus tuigimid cás an spailpín seo.